

# ❖ An Lúibín ❖

6 Márta 2015

## Gaeltachtaí cathrach nach bhfuil ann

Sa bhliain 2008 dúirt Éamon Ó Cuív, Aire Gaeltachta na linne sin, gur bhreá an rud é Gaeltachtaí uirbeacha a chur ar bun. Bhí sonrú curtha aige sna pobail Pholannacha, Shíneacha agus eile in Éirinn agus iad ag cothú a dteangacha féin. Tá an Cuíveach imithe agus níl fáil fós ar Ghaeltacht uirbeach sa Phoblacht. (Tá 'Gaeltacht' Bhéal Feirste Thiar le fáil in aon sráid amháin den chathair sin.)

Is fada daoine á chur in iúl, áfach, go raibh Cluain Dolcáin le bheith ina Ghaeltacht nua. Tá Cluain Dolcáin suite ar bhruach Abhainn na Camóige siar ó Bhaile Átha Cliath, cathair a bhfuil sí spleách uirthi. Pobal 45,165 duine atá ann agus na gnáthsheirbhísí ag freastal orthu – aturnaethe, tithe tábhairne, gruagairí, poitigéirí, meal siopadóireachta, agus (ar ndóigh) lucht déanta tatúnna.

Tháinig cuid den tuar faoin tairngreacht maidir leis an nGaeilge: tá trí ghaelscoil agus neart naíonraithe ann, agus tá timpeall 1,500 dalta ag fáil oideachais trí Ghaeilge. Ina theannta sin tá Áras Chrónáin ann, lárionad cultúrtha. Cuireadh Muintir Chrónáin sa bhliain 1972 chun an Ghaeilge a chur chun cinn le hobair oideachasúil, shóisialta agus cultúrtha, obair a bhí á déanamh i dtithe agus i hallaí ag an am. Níor ceannaíodh teach mar lárionad go dtí an bhliain 1989. Ní dhéanann aon chuid de seo 'Gaeltacht' de Chluain Dolcáin. Os a choinne sin, is léir go bhfuil líonra beag díograiseach de Ghaeilgeoirí ann.

Cuimhnimis freisin ar Bhaile Munna, fo-bhaile de Bhaile Átha Cliath. Sa bhliain 2009 fuair grúpa cead pleanála chun ocht dteach is tríocha a thógáil do dhaoine arbh áil leo cónaí i bpobal Gaeilge. Tá gaeilscoileanna agus naíonraí ann, agus fiú siopa, más fíor, ar féidir rudaí a cheannach i nGaeilge. Ach bhuail an cliseadh domhanda airgeadais an tír agus níor chualathas trácht a thuilleadh ar an scéim úd.

Más áil leat Gaeltacht a dhéanamh de ghréasán, caithfidh tú dlúthphobal de Ghaeilgeoirí a chur ar bun: iad ina gcónaí san eastát céanna nó sa tsráid chéanna. Ní furasta é sin a dhéanamh agus níor éirigh le haon duine é a dhéanamh sa Phoblacht. Ní dóichí rud go dtitfidh sé amach de thaisme seachas d'aonghnó agus an gréasán ag dul i dtiús.



## Dátheangachas gan bhuntáiste

Is fada daoine á rá go dtéann an dátheangachas chun sochair d'oibriú na hintinne. Baineann Gaeilgeoirí leas as an tuairim sin agus iad ag cur na gaelscolaíochta chun cinn. Féach alt le Maitiú Ó Coimín, áfach, ar *Tuairisc.ie* i dtaobh tuarascála ó Ollscoil Dhún Éideann go bhfuil claonadh ag irisí eolaíochta fianaise faoi bhuntáistí an dátheangachais a thoghadh thar fhianaise a chuireann a mhalairt in iúl.<sup>1</sup> An t-aigheolaí Angela de Bruin a d'fhoilsigh í, in éineacht lena comhghleacaithe Barbara Trecanni agus Sergio Della Sala. Tá idir Bhéarla agus Ollainnis ag de Bruin féin, agus tá céim aici sa teangeolaíocht agus sa néareolaíocht.

Scrúdaigh sí an t-ábhar a rognáíodh mar ábhar pléite ag comhdhálacha léinn ó 1999 go 2012 maidir leis na buntáistí úd nó lena n-easpa. Rinne sí amach gur lú go mór an seans go bhfoilseofaí staidéir a chaith amhras ar bhuntáistí an dátheangachais. Léirigh timpeall 50% de na staidéir a léadh ag na comhdhálacha nach raibh buntáiste ar leith ag baint leis an dátheangachas, ach ní hé sin an céatadán a foilsíodh. Foilsíodh 68% de na staidéir a mhaigh go raibh buntáistí ann agus níor foilsíodh ach 29% de na staidéir a dúirt a mhalairt.

<sup>1</sup> "Claontacht' i saol na heolaíochta maidir le buntáistí an dátheangachais," Maitiú Ó Coimín, *Tuairisc.ie*, 5 Feabhra 2015: <http://tuairisc.ie/claontacht-i-saol-na-heolaiochta-maidir-le-buntaisti-an-datheangachais/>

Níl de Bruin ag iarraidh teoiric na mbuntáistí a bhréagnú; tá taighde déanta aici a léiríonn go bhfuil tairbhe cognaíoch ag baint leis an dátheangachas. Ach tá taighde nua á dhéanamh aici ar chainteoirí Gáidhlig agus Béarla, agus ní léir uaidh sin go bhfuil buntáiste ar leith ag dátheangaigh.

Má tá buntáiste ar bith ann, b'fhéidir go mbaineann sé leis an meánaicme oilte, daoine a bhfuil fáil acu ar acmhainní ardchultúrtha agus ar scolaíocht mhaith, agus deis acu dá bharr máistreacht a fháil ar theanga eile. Más fíor an méid sin (agus déanfar trialacha eile, ar ndóigh) ní foláir do lucht na gaelscolaíochta dul i muinín argóintí níos sine ná an feabhsú cognaíoch.



### **Breatnais ann agus Breatnais as**

Bhí 3.1 milliún duine ina gcónaí sa Bhreatain Bheag sa bhliain 2011. Ní dúirt ach 19% díobh (562,000) go raibh Breatnais acu agus ní raibh ach 77% díobh sin in ann an teanga a scríobh. Tá líon na mBreatnaiseoirí ag dul i laghad de réir a chéile: sa bhliain 2001 bhí an teanga ag 20% den phobal. Ní mór a chur san áireamh nach sa Bhreatain Bheag a rugadh 25% de dhaonra na tíre.

Fiú sna 1950í ba léir nach raibh aon phobal sa Bhreatain Bheag nach raibh acu ach Breatnais. Na pobail Bhreatnaise a bhí ann bhí siad á scaradh ó chéile ag ceantair an Bhéarla. Tháinig athrú ar staid na teanga sna 1970í agus gníomhaithe ag cur brú ar an rialtas aitheantas iomlán a thabhairt di. Ón mbliain 2000 i leith tá an Bhreatnais éigeantach sna scoileanna go dtí aois sé bliana déag agus srian éigin curtha le meath na teanga dá bharr. (B'fhiú do Ghaeilgeoirí a fhiafraí cén fáth ar éirigh leis an mBreatnais éigeantach i bhfianaise theip na Gaeilge éigeantaí.) Tá Coimisinéir Teanga ann, agus tá Breatnais á húsáid go forleathan ag údaráis áitiúla agus ag Tionól Náisiúnta na Breataine Bige. Tá bonneagar oideachasúil, polaitiúil agus cultúrtha ag an teanga a mbeadh Gaeilgeoirí ag éad leis.

Tá cúiseanna stairiúla le staid na Breatnaise a bheith measartha maith. Chloígh na Breatnaigh leis an bProtastúnachas, rud a chosain a ndúchas ar an gcuid ba ghéire de chumhacht Shasana. Bhí an-éileamh ar scoileanna scairte san 18ú haois a mhúin léamh an Bhíobla, rud a chuidigh go mór le saothrú na litríochta. Lean an chlódoireacht é, agus bhí glaoch ar ábhar clóite ag meánaicme a raibh Breatnais ó dhúchas acu. Bhí an teanga fite fuaite i saol an tséipéil, taca atá cailte anois, áfach, in aois an dí-eaglaiseachais.

Tá sé de bhuntáiste ag an mBreatnais fós go bhfuil céatadán na gcainteoirí dúchais i bhfad níos airde ná a leithéid in Éirinn agus gur éirigh níos fearr leis an iarracht atá déanta ar í a mhúineadh mar theanga bhreise. Tá an Ghaeilge i mbéala báis sa Ghaeltacht, agus cé go bhfuil timpeall 14,000 duine den 77,185 cainteoir laethúil le mBaile Átha Cliath níl iontu ach gréasán: níl teacht ar phobal buan fós.<sup>2</sup>

Mar sin féin, tá uimhir na mBreatnaiseoirí ag laghdú de réir a chéile. Ní fios fós an féidir srian a chur leis seo. Tá an Ghaeilge ag borradh beagán in Éirinn, ach níl sin le feiceáil ach i measc roinnt cainteoirí cathrach a mbaineann a bhformhór leis an meánaicme. Ba mhór an trua é dá bhfágfaí an Bhreatnais sa riocht céanna.



---

<sup>2</sup> Féach 'Rud romhainn, rud inár ndiaidh' in *An Lúibín*, 24/2/2014.



**An Ghaingéis in Varanesi**

*Wikipedia Commons*

### **An Ghaingéis: abhainn naofa, abhainn shalach**

Abhainn fíornaofa is ea Gaingéis na hIndia, abhainn mhór a eascraíonn ó chríoch na ndéithe. Tagann sí as cóngar dhá abhainn eile sna Himiléithe Lámacha, an Bhagirathi agus an Alakananda: deirtear gur as an Bhagirathi a thagann sí i ndáiríre. Tosaíonn an abhainn úd faoi Gangotri, oighearshruth atá ag cailleadh na gcéadta méadar de thoirt gach bliain. Tá srutháin faoi thalamh ann a chothaíonn an Ghaingéis, ach tá siad ag dul i ndísc agus an oiread sin crann leagtha ag na hoilithrigh a bhailíonn le chéile ag an bhfoinse.



**Ganotri: an Bhagirathi.**

*Wikipedia Commons*

Imíonn an Ghaingéis roimpi trí mhachairí na hIndia Thuaidh agus faigheann os cionn 250 milliún duine uisce uaihti. Tá daonra na hamhantraí ag méadú as compás. Tá éileamh an-mhór ag teacht ar uisce na Gaingéise agus daoine ag plódú isteach sna cathracha, ach sceitheann bailte móra agus cathracha méid mór dramhaíola isteach san abhainn. Bhíodh sí glan agus í lán d'iasc, de dheilíní agus de thurtair bhlaosbhoga; anois tá sí lán de shalachar. Tá smál uirthi agus bréantas inti. Sa bhliain 1986 chuir na húdaráis Plean Gníomhaíochta na Gaingéise i bhfeidhm. Tá \$160 millún caite, ach deir lucht timpeallachta nach raibh mórán den teicneolaíocht oiriúnach don scéal, fiú má tá srian éigin curtha leis an truailliú.

Timpeall leath an uisce a bhaintear as an nGaingéis cailltear é trí shileadh agus trí ghalú. Tá baint ag drochphíopaí agus ag barraí tartmhara leis an scéal. Méadaíonn uisce na habhann an screamhuisce, ach tá an screamhuisce ag laghdú de réir thanú na Gaingéise. Fágтар córais uiscithe ar siúl de lá is d'óiche de bharr fordheontais mhóra leictreachais. Tá oibreacha móra hidrileactreachais ag atreorú agus ag ídiú na habhann agus a cuid fo-aibhneacha. Deir lucht timpeallachta na hIndia nach mór sreafaí éiceolaíocha a chur ar siúl arís, uisce báistí a choigilt agus scéimeanna caomhnaithe eile a chur i bhfeidhm.

Ní foláir srian ceart a chur leis an truailliú, go háirithe leath slí síos na Gaingéise in aice leis na cathracha tionsclaíocha, leithéid Kanpur. Baineann ceimicigh leithéid DDT an abhainn amach leis an rith chun srutha ó fheirmeacha. Dramhaíl nimhiúil agus thionsclaíoch is cúis le 20% den truailliú, agus lucht súdairachta is mó atá ciontach as. Ina theannta sin, caitear an t-uafás earraí plaisteacha isteach.

Míriar séarachais is cúis le 70% de thruailliú na habhann. Tá caoga cathair suite feadh na Gaingéise; tagann billiún lítear de shéarachas gan chóiriú isteach san abhainn gach lá agus deirtear go dtiocfadh méadú 100% air i gceann fiche bliain.

Fadhb mhór eile is ea na coirp. Déantar na mílte corp a dhó ar bhruach na habhann (chun go scaoilfear an t-anam saor) agus mura ndóitear ar fad iad fágtar san uisce iad. Ní ceart coirp áirithe a dhó (fir naofa, mná torracha, páistí faoi aois cúig bliana, lobhair agus daoine ar mharaigh nathair iad): fágtar sa Ghaingéis iad faoi mheáchan cloch ach éiríonn na coirp aníos, agus ligtear d'eallach marbh imeacht le sruth ina measc.

Tá an rialtas chun breis is caoga damba agus baráiste chun na sruth a smachtú, uisce a sholáthar agus cumhacht a ghiniúint. Tógadh baráiste díreach roimh theorainn na Banglaidéise chun caladh Chalcúta a choinneáil ar oscailt sa samhradh. Deir rialtas na Bainglidéise go bhfágann an t-atreorú seo iardheisceart na tíre ina fhásach.

Sa bhliain 2014 cuireadh Tionscadal Forbartha na Gaingéise ar bun agus tugadh \$334 milliún dó le haghaidh na hoibre. Tá gléasra costasach cóirithe séarachais ann mar chuid den phlean ach ní féidir cuid mhór de a úsáid cheal leictreachais. Ach tá an rialtas ag smaoineamh ar mheithleacha a chur ag obair chun cuidiú leis an nglanadh agus chun an pobal a ghríosú chun gnímh.

### ***Féach***

[http://news.bbc.co.uk/2/hi/south\\_asia/683566.stm](http://news.bbc.co.uk/2/hi/south_asia/683566.stm)

<http://www.bbc.com/news/world-asia-india-21175890>

<http://www.gangaaction.org/actions/issues/>

<http://www.all-about-india.com/Ganges-River-Pollution.html>

<http://www.theaustralian.com.au/news/world/pollution-clogs-indias-sacred-ganges-river/story-fnb64oi6-1226940442658>

<http://www.smh.com.au/national/the-ganges-holy-river-from-hell-20140806-100xz9.html>

<http://thediplomat.com/2014/09/cleaning-up-the-ganges/>

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) .*

## Leaganacha simplithe

### Gaeltachtaí cathrach nach bhfuil ann

Sa bhliain 2008 dúirt Éamon Ó Cuív, Aire Gaeltachta na linne sin, gur mhaith an rud Gaeltachtaí uirbeacha a chur ar bun. Níl siad le fáil fós i bPoblacht na hÉireann.

Tá áiteanna ann arbh fhéidir Gaeltachtaí uibeacha a dhéanamh díobh. Tá Cluain Dolcáin le fáil taobh thiar de Bhaile Átha Cliath. Tá 45,165 duine ina gcónaí ann. Tá trí ghaelscoil ann agus mórán naionraithe. Tá timpeall 1,500 dalta ag fáil oideachais trí Ghaeilge. Tá Áras Chrónáin ann, lárionad cultúrtha Gaeilge. Ní 'Gaeltacht' Cluain Dolcáin fós, áfach, cé go bhfuil a lán Gaeilgeoirí díograiseacha ann.

Bruachbhaile de Bhaile Átha Cliath is ea Baile Munna. Sa bhliain 2009 fuair grúpa cead pleanála chun ithe a thógáil do Ghaeilgeoirí. Tá gaeilscoileanna agus naionraí ann, ach níl trácht faoi láthair ar scéim tithíochta.

Tá gréasáin de Ghaeilgeoirí ann sna bailte móra agus sna cathracha ach níor éirigh leo cruinniú le chéile. Má chuirtear Gaeltacht uirbeach ar bun, b'fhéidir gur de thaisme é.

### An Ghaingéis: abhainn naofa, abhainn shalach

Abhainn naofa is ea Gaingéis<sup>3</sup> na hIndia. Eascraíonn sí ó dhá abhainn sna Himiléithe<sup>4</sup> Lárnacha, an Bhagirathi agus an Alakananda. Tá sí ag brath ar oighearshruth agus ar shrutháin faoi thalamh, agus tá na foinsí sin ag dul i ndisc.

Imíonn an Ghaingéis trí mhachairí na hIndia Thuaidh agus faigheann os cionn 250 milliún duine uisce uaithi. Tá na daoine sin ag plódú isteach sna cathracha, ach sceitheann na cathracha dramháil isteach san abhainn. Sa bhliain 1986 cuireadh plean i bhfeidhm chun an abhainn a ghlanadh, ach deir lucht timpeallachta nach bhfuil mórán déanta.

Baintear mórán uisce ón nGaingéis ach cailtear mórán de le galú nó le sileadh. Tá an screamhuisce ag laghdú dá réir. Deir lucht timpeallachta na hIndia nach mór i bhfad níos mó uisce a chaomhnú.

Caithfear srian a chur le truailiú, go háirithe in aice leis na cathracha tionsclaíocha, leithéid Kanpur. Tagann ceimicigh ó fheirmeacha agus caitear earraí plaisteacha isteach. Séarachas is cúis leis an gcuid is mó den truailiú.

Fadhb mhór eile is ea na coirp. Dóitear na mílte corp ar bhruach na habhann agus is minic a fhágtar a n-iarsmaí san uisce. Tá coirp eile ann nach cuí a dhó agus caitear na coirp sin isteach san abhainn.

Tá an rialtas chun dambaí a thógáil chun uisce a sholáthar agus cumhacht a ghiniúint. Deir rialtas na Bainglídéise, áfach, go bhfágann an t-atreorú<sup>5</sup> seo cuid den tír sin ina fhásach.

Sa bhliain 2014 cuireadh Tionscadal Forbartha na Gaingéise ar bun chun an abhainn a ghlanadh.

<sup>3</sup> an Ghainséis – the Ganges

<sup>4</sup> na Himiléithe – the Himalayas

<sup>5</sup> atreorú – diversion (of resources)